# Litríocht na Gaeilge A Chothú

the arts council
an chomhairle ealaíon

Irish Language Literature Policy
2022–2025

Arna fhoilsiú ag An Chomhairle Ealaíon 2022




Íomha: **Sadhbh Devlin ag léamh ó Geansaí Ottó,**
**Sadhbh Devlin & Róisín Hahessy (c) 2020 – 2022 Futa Fata**
Grianghrafadóir: **Mark Devlin**

# 1. Fís

Baineann an Chomhairle Ealaíon spreagadh as an bhféidearthacht de thír ina léitear litríocht Ghaeilge, ina mbaintear taitneamh aisti agus ina ndéantar ceiliúradh uirthi, ina dtacaítear le scríbhneoirí ag gach staid dá ngairm chun obair liteartha uaillmhianach agus ar ardchaighdeán a chruthú, agus ina bhfuil Litríocht na Gaeilge mar chuid lárnach dár saol litríochta agus cultúrtha – agus go nglactar go forleathan leis gur amhlaidh atá.



Tá earnáil na litríochta Gaeilge bríomhar agus tá tábhacht cultúrtha léi; tá scríbhneoirí, foilsitheoirí, irisí gníomhacha aici mar aon le féilte agus imeachtaí ar fud na tíre. Is é an ról atá ag an gComhairle Ealaíon sa litríocht Ghaeilge tacú leis an bhfoirm ealaíne, agus tá páirt lárnach aici i soláthar a dhéanamh don earnáil in Éirinn cheana féin. De réir mar atá le litríocht i mBéarla, is cuid de shainchúram na Comhairle Ealaíon sa litríocht iad filíocht, ficsean, gearrscéalaíocht, litríocht do leanaí, scríbhneoireacht chriticiúil agus cineálacha áirithe neamhfhicsin chruthaithigh. Cruthaíonn raon tacaíochtaí na Comhairle Ealaíon deiseanna le haghaidh scríbhneoirí agus daoine ar fud an oileáin araon cruthú agus dul i ngleic le scríbhneoireacht nua i nGaeilge.

Dírítear tacaíocht na Comhairle Ealaíon ar scríbhneoirí aonair, ar fhoilsitheoirí, ar irisí, ar fhéilte agus ar imeachtaí, agus tacaíonn an Chomhairle le raon eagraíochtaí acmhainní liteartha a chuireann seirbhísí agus tacaíochtaí ar fáil do scríbhneoirí a oibríonn i nGaeilge agus i mBéarla araon.

Toisc go bhfuil roinnt gníomhaireachtaí agus eagraíochtaí éagsúla ag plé le cur chun cinn na teanga, is é ról sonrach na Comhairle Ealaíon ná tacú le cruthú sárlitríochta i nGaeilge agus cur ar chumas níos mó daoine dul i ngleic le scríbhneoireacht liteartha i nGaeilge.

# 2. Comhthéacs

## 2.1 An Comhthéacs Reachtach

Ar leibhéal polaitiúil níos leithne, déantar foráil le haghaidh úsáid na Gaeilge mar theanga oifigiúil i reachtaíocht ar nós Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003 agus san aitheantas don Ghaeilge mar theanga oibre oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh in 2007.

Bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla mar oifig reachtúil neamhspleách a fheidhmíonn mar sheirbhís ombudsman agus mar ghníomhaireacht comhlíonta.

Tá sé mar fhreagracht ag Oifig an Choimisinéara Teanga monatóireacht a dhéanamh ar an tslí a gcomhlíonann comhlachtaí poiblí an Stáit forálacha Acht na dTeangacha Oifigiúla 2003. Glacann an Oifig gach beart gur gá chun a chinntiú go gcomhlíonann comhlachtaí poiblí a n-oibleagáidí faoin Acht féin, faoi na rialacháin a rinneadh faoin acht agus faoi scéimeanna teanga, san áit go mbaineann siad le hábhar.

Fiosraíonn an Oifig gearáin ón bpobal i gcásanna ina gcreidtear go bhféadfaí gur theip ar chomhlachtaí poiblí a n-oibleagáidí faoi Acht na dTeangacha Oifigiúla a chomhlíonadh. Déanann an Oifig fiosraithe ar aon ghearáin bhailí i leith líomhaintí gur sáraíodh foráil d’aon achtachán eile a bhaineann le stádas nó le húsáid na Gaeilge.

Mar chuid de Chomhaontú Aoine an Chéasta 1999, bunaíodh Foras na Gaeilge mar chomhlacht uile-oileáin a bheadh freagrach as forbairt na Gaeilge, trí labhairt agus scríobh na Gaeilge a chuimsiú san fhearann poiblí.

Foilsíodh an Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030 ar an 21 Nollaig 2010, i ndiaidh tacaíocht trasphairtí i dTithe an Oireachtais. Cuireann an Straitéis cur chuige iomlánaíoch, comhtháite i leith na Gaeilge chun cinn atá i gcomhréir leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta. Mar chuid den straitéis, feictear go láidir gníomhartha a dhíríonn ar scríbhneoireacht chruthaitheach i nGaeilge a chothú agus ar rannpháirtíocht i Litríocht na Gaeilge a spreagadh.

## 2.2 Soláthar Reatha

Seachas ó thacaíocht na Comhairle, tá roinnt straitéisí, beartas, agus tionscnamh i bhfeidhm cheana féin chun litríocht na Gaeilge a spreagadh.

Cuireann Foras na Gaeilge léitheoireacht agus foilseachán chun cinn tríd an nGúm, Áis, Clár na Leabhar Gaeilge agus tionscnaimh a liostaítear thíos go príomha. Tacaíonn Foras na Gaeilge le foilsitheoirí agus le scríbhneoirí tríd an Scéim Foilsitheoireachta a riarann Clár na Leabhar Gaeilge agus trí na scéimeanna scríbhneoireachta le haghaidh scríbhneoirí Gaeilge. Anuas air sin, díríonn Foras na Gaeilge ar dhaoine a spreagadh chun léamh agus scríobh i nGaeilge.

# 2. Comhthéacs

**I measc tionscnaimh shonracha chun léitheoireacht agus foilsitheoireacht a chur chun cinn áirítear:**

An Scéim Meantóireachta, a thugann deis do scríbhneoirí ag tús a ngairmeacha comhairle a fháil ó scríbhneoirí aitheanta maidir lena gcuid scríbhneoireachta féin agus le ceard na scríbhneoireachta araon; scéim coimisiúnaithe a bhfuil sé d'fheidhm aici soláthair imleor i réimsí éagsúla de Litríocht na Gaeilge a chinntiú; Scéim Tionscadail Liteartha le haghaidh grúpaí agus eagraíochtaí chun tacú le Litríocht na Gaeilge, í a chaomhnú agus í a fhorbairt; Scéim Foilsitheoireachta a chabhraíonn le foilsitheoirí leabhair a fhoilsiú agus a chuireann tacaíocht ar fáil i réimsí an táirgthe, na margaíochta agus na forbartha.

Comhpháirtíocht idir an Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta is ea Ealaín na Gaeltachta. Cuireann sí forbairt na n-ealaíon comhaimseartha agus traidisiúnta chun cinn sa Ghaeltacht; soláthraíonn sí seirbhísí agus scéimeanna deontais chun tacú le forbairt eagraíochtaí ealaíon agus ealaíontóirí aonair. Tacaíonn sí freisin leis an oiliúint agus le meantóireacht, mar aon le bheith ag tacú le tionscnaimh a chuireann le hacmhainneacht agus bonneagar le haghaidh na n-ealaíon sa Ghaeltacht.

Ina measc siúd a bhfuil tionchar lárnach acu chomh maith tá RTÉ, Raidió na Gaeltachta agus TG4, a bhí ina meáin le haghaidh scríbhneoirí, agus atá le feiceáil go láidir laistigh den Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010–2030.



# 3. Ráiteas Beartais

Tá an litríocht Ghaeilge ina páirt lárnach agus shuntasach de thacaíocht fhoriomlán na Comhairle Ealaíon don litríocht mar fhoirm ealaíon.

Creideann an Chomhairle Ealaíon gur cheart litríocht chomhaimseartha na Gaeilge a dhéanamh i bhfad níos feiceálaí, agus i bhfad níos lárnaí inár saol liteartha agus cultúrtha.

Creideann an Chomhairle go bhfuil an scríbhneoir aonair i gcroílár litríocht na Gaeilge. Trína raon tacaíochtaí agus tionscnamh, oibríonn an Chomhairle chun tacú leis na scríbhneoirí a bhíonn ag cruthú saothar liteartha ar ardchaighdeán i nGaeilge, agus chun ceiliúradh a dhéanamh ar éachtaí scríbhneoirí a shaothraíonn i nGaeilge.

Creideann an Chomhairle gur cheart plúr na litríochta comhaimseartha Gaeilge a bheith ina phríomhchuid de shaol gach aon duine in Éirinn, ag gach staid dá saol. Creideann an Chomhairle gur cuid bhríomhar chorraitheach de shaol cultúrtha na hÉireann í litríocht na Gaeilge, agus gur féidir léi agus gur cheart di lucht léitheoireachta/éisteachta leathan agus ilchineálach a bhaint amach, pé leibhéal Gaeilge atá ag daoine. Oibrímid trínár dtionscnaimh agus le daoine eile chun deiseanna a chruthú do léitheoirí agus do luchtanna léitheoireachta/éisteachta chun rannpháirtíocht bhríoch a bheith acu le litríocht chomhaimseartha ar ardchaighdeán i nGaeilge.




Íomha: **Edith Wilson (8) ag seoladh na Féile Towers and Tales 2021 ag Caisleán an Lios Mhóir**
Grianghrafadóir: **Brownes Photography**

# 4. Raon Feidhme an Bheartais

Agus í mar ghníomhaireacht náisiúnta forbartha i gcomhair na n-ealaíon agus freagracht uirthi i leith Litríocht na Gaeilge mar fhoirm ealaíne, téann an beartas seo i bhfeidhm ar ealaíontóirí (scríbhneoirí): orthu siúd a ndéanann an Chomhairle Ealaíon infheistíocht iontu ar suim leo Litríocht na Gaeilge; ar an rialtas, ar rialtais áitiúla, ar ghníomhaireachtaí pobail, ar institiúidí cultúir, ar chomhlachtaí gairmiúla, ar chomhpháirtithe eile; agus ar an bpobal.

# 4. Raon Feidhme an Bheartais

### 4.1 An tEalaíontóir

Saintréith de chuid litríocht chomhaimseartha na Gaeilge ná caighdeáin bharr feabhais agus nuálaíochta ealaíonta, ach bíonn iliomad dúshlán agus bac roimh scríbhneoirí a shaothraíonn sa réimse seo. Ina measc bíonn easpa deiseanna oibriú le meantóirí agus le heagarthóirí i gcéim thosaigh a ngairmeacha, easpa deiseanna oiliúna foirmiúla, ganntanas suim ó na meáin agus próifíl mheáin scríbhneoireacht na Gaeilge, agus an easpa feiceálachta coibhneasta i siopaí leabhar, i leabharlanna agus ag féilte litríochta. Óna bunú, thacaigh an Chomhairle Ealaíon le scríbhneoirí na Gaeilge ar roinnt slite difriúla, agus comhlánaíonn a cuid oibre an méid a dhéanann gníomhaireachtaí eile, ar nós Foras na Gaeilge agus Comhairle Ealaíon Thuaisceart Éireann. Bíonn ról criticiúil ag údaráis áitiúla i dtacú le scríbhneoirí, bíodh agus nach ndéantar rianú ar a leibhéal tacaíochta le haghaidh Litríocht na Gaeilge faoi láthair.

Mar chuid de thacaíocht na Comhairle Ealaíon do scríbhneoirí na Gaeilge tá an Dámhachtain Sparánachta, Dámhachtain d'Ealaíontóirí na Chéad Ghlúine Eile, Dámhachtain do Thionscadal, an Dámhachtain Lúfaireachta agus Dámhachtain Markievicz. Agus fócas éagsúla acu ar fad, cuireann na deiseanna seo ar chumas scríbhneoirí litríochta a shaothraíonn i nGaeilge am agus spás a chur ar leataobh chun saothar nua a fhorbairt, chomh maith le comhoibriú agus triail a bhaint as rudaí le scríbhneoirí eile, le healaíontóirí agus/nó le heagraíochtaí. Déanann scríbhneoirí Gaeilge agus iad siúd a bhfuil saineolas acu ar Litríocht na Gaeilge breith ar na dámhachtainí seo. Tá leibhéal íseal feasachta ar na deiseanna seo i measc scríbhneoirí litríochta Gaeilge, agus tá an fhéidearthacht ann cur le próifíl na ndámhachtainí seo. D'fhéadfadh go mbeadh gá roinnt tacaíochtaí a chur in oiriúint le haghaidh riachtanais scríbhneoirí Gaeilge.

Tacaíonn an Chomhairle le cónaitheacht le haghaidh scríbhneoir Gaeilge i gcomhpháirtíocht le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Tacaíonn sí le foilsitheoirí agus le féilte trína Dámhachtain Maoiniú Deontais do na hEalaíona, Maoiniú Straitéiseach agus Scéim Infheistíochta na bhFéilte. Tacaíonn an Chomhairle le hAosdána chomh maith, a bhfuil scríbhneoirí Gaeilge san áireamh ann.

Trí Ealaín na Gaeltachta, comhpháirtíocht idir an Chomhairle Ealaíon agus Údarás na Gaeltachta, cuireann an Chomhairle Ealaíon forbairt na n-ealaíon comhaimseartha agus traidisiúnta chun cinn sa Ghaeltacht; soláthraíonn sí seirbhísí agus scéimeanna deontais le tacú le forbairt eagraíochtaí ealaíon agus ealaíontóirí aonair. Tacaíonn sí freisin leis an oiliúint agus le meantóireacht, mar aon le bheith ag tacú le tionscnaimh a chuireann le hacmhainneacht agus bonneagar le haghaidh na n-ealaíon sa Ghaeltacht.

Bíodh agus go bhfuil gníomhaíocht agus infheistíocht shuntasach i litríocht na Gaeilge, tá scóip ann chun cur leis an tuiscint i measc scríbhneoirí litríochta na Gaeilge ar ról na Comhairle sa réimse seo, agus chun ár rannpháirtíocht leis na scríbhneoirí sin, atá ag cruthú saothar litríochta ar ardchaighdeán i nGaeilge ag gach staid dá ngairmeacha, a mhéadú agus ár n-ábharthacht dóibh a mhéadú. De ghnáth is íseal é líon na n-iarratas ó scríbhneoirí Gaeilge ar dheiseanna ón gComhairle Ealaíon, agus meastar nach bhfuil sé ionadaíoch ar an líon scríbhneoirí litríochta a shaothraíonn i nGaeilge sa lá atá inniu ann. Mar a luadh, tá an fhéidearthacht ann a bheith níos follasaí agus níos oiriúnaithe i gcur chuige na Comhairle maidir le tacú leis an réimse seo.

Bíonn tacaíocht le haghaidh scríbhneoirí Gaeilge scaipthe de ghnáth, agus ní fheictear í mar chuid lárnach d'obair eagraíochtaí acmhainní agus eile. Tá ganntanas scríbhneoireacht chriticiúil faoi litríocht chomhaimseartha na Gaeilge, a chuireann leis an

# 4. Raon Feidhme an Bheartais

mbraistint dofheictheachta i measc scríbhneoirí, agus ní chuireann sé barr feabhas liteartha chun cinn.

Le linn thréimhse an bheartais agus na straitéise, oibreoidh an Chomhairle chun a tacaíochtaí reatha a dhéanamh níos feiceálaí, agus chun cur leo sin le tionscnaimh agus comhpháirtíochtaí saincheaptha a chothóidh cruthú saothar liteartha i nGaeilge. Spreagfaidh an Chomhairle naisc agus comhoibriú idir scríbhneoirí agus eagraíochtaí scríbhneoirí a shaothraíonn i nGaeilge, i mBéarla agus i dteangacha eile, ag sainaithint bearnaí ina seirbhísí agus ag déanamh scríbhneoirí agus scríbhneoireacht Gaeilge níos feiceálaí, níos comhtháite, agus tacaíocht níos mó acu i saol na litríochta trí chéile. Oibreoidh an Chomhairle chun níos mó scríbhneoireacht chriticiúil faoi litríocht na Gaeilge a spreagadh, a thacaíonn dá réir le caighdeáin liteartha agus a ardaíonn próifíl na litríochta Gaeilge, atá ina cuid bhríomhar dár saol liteartha.

### 4.2 Rannpháirtíocht an Phobail

Bíonn an Chomhairle Ealaíon gafa le deiseanna a chur ar fáil don phobal litríocht ar ardchaighdeán i nGaeilge a léamh, éisteacht léi agus dul i ngleic go gníomhach léi. Tá an Chomhairle tiomanta cheana féin i dtaobh rannpháirtíocht a fhorbairt tríd an tacaíocht a thugann sí d'fhoilsitheoirí, d'fhéilte agus do thionscadail faoi Mhaoiniú Deontas do na hEalaíona, Maoiniú Straitéiseach, Dámhachtain do Choimisiúin agus Tionscadail, Scéim Infheistíochta na bhFéilte agus tríd an gcomhpháirtíocht Scríbhneoir Cónaithe atá aici le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

I bhfianaise ardchaighdeán scríbhneoireachta liteartha na Gaeilge agus na dearcthaí dearfacha i leith na Gaeilge atá ag éirí níos dearfaí i gcónaí, tá líon na ndaoine atá ag dul i ngleic leis an obair seo íseal, agus is ceist lárnach í seo gur gá aghaidh a thabhairt uirthi i gcaitheamh shaolré na straitéise. De réir mar a luaitear thuas, is minic a bhíonn ról imeallach ag scríbhneoireacht agus scríbhneoirí Gaeilge atá páirteach i bhféilte, imeachtaí agus cláir liteartha. Is minic go dtarlaíonn sé seo de thoradh ar easpa acmhainní a bheith curtha ar fáil agus ar easpa eolais agus saineolais sa réimse, ach bíonn tionchar diúltach aige seo ar an bhfoirm ealaíne agus ar an tslí a dtéann luchtanna léitheoireachta/éisteachta i ngleic léi. Bíonn iliomad bac, bídís fíor nó braite, le haghaidh léitheoirí agus luchtanna léitheoireachta/éisteachta i dtaobh dul i ngleic le saothar liteartha Gaeilge. Bhí easpa taighde ar iompraíocht agus roghanna pearsanta léitheoirí a d'fhéadfadh foilsitheoirí, leabharlanna agus díoltóirí leabhar a chur ar an eolas faoin méid seo.

Díríonn roinnt foilsitheoirí liteartha ar scríbhneoireacht Ghaeilge amháin, agus tá feabhas ag teacht ar fhoilsitheoireacht liteartha i nGaeilge i gcónaí, i dtéarmaí táirgthe agus liteartha araon. Mar sin féin, tá an earnáil leochaileach agus bíonn go leor foilsitheoirí ag feidhmiú faoi chúram duine aonair.

Tá tuilleadh airde agus tacaíochta ag teastáil le haghaidh réimsí ar nós pleanáil chomharbais, acmhainní daonna agus rialachas. Bíonn ról criticiúil ag na foilsitheoirí seo i gcothú tallainne nua agus i ndearbhú tallainne atá ann cheana, agus teastaíonn tacaíocht leanúnach ón earnáil chun dul i ngleic le dúshláin a bhfuil méadú ag teacht orthu.

I gcaitheamh thréimhse an bheartais, agus í ag obair le daoine eile agus i gcomhar le huaillmhianta na Straitéise 20 Bliain na Gaeilge 2010–2030, oibreoidh an Chomhairle chun próifíl litríocht na Gaeilge a neartú i measc léitheoirí agus luchtanna léitheoireachta/éisteachta go háitiúil agus go náisiúnta, agus chun soláthar deiseanna nua i scoileanna, i leabharlanna agus i bpobail áitiúla a spreagadh. Oibreoidh sí chun feiceálacht na litríochta Gaeilge ag féilte agus ag imeachtaí liteartha eile a mhéadú, agus chun cur le soláthar litríochta Gaeilge thar raonta aoise éagsúla agus luchtanna léitheoireachta éagsúla.

# 4. Raon Feidhme an Bheartais

**4.3 Réimsí Eile as Saothar Ealaíne Iontach a Tháirgeadh a bhfuil Leas Straitéiseach maidir le Litríocht na Gaeilge i gceist leo**

### Daoine Óga, Leanaí agus Oideachas

I mí Mheán Fómhair 2021, thug figiúirí rollaithe le fios go raibh duine as gach 12 – nó timpeall 45,000 leanbh – ag fáil oideachais i nGaeilge ag leibhéal an bhunoideachais, agus 60,000 a bheadh i gceist nuair a chuirtear na daltaí a fhreastalaíonn ar scoileanna lán-Gaeilge dara leibhéal san áireamh; is ionann seo agus an líon is mó riamh agus cuireann sé deis uathúil ar fáil daoine óga a chur i ngleic le Litríocht na Gaeilge – i dtaobh léitheoireachta agus scríbhneoireachta araon. Is daoine óga iad seo a bhíonn ag léamh leabhair Ghaeilge sula – nó ag an am céanna – bhfoghlaimíonn siad conas leabhair a léamh i mBéarla; bíonn líofacht acu sa teanga, rud a chiallaíonn gur féidir agus gur cheart saothair litríochta iontacha a chur ar fáil dóibh. Bíodh agus go bhfuil leibhéal réasúnta sásúil d'ábhar liteartha ar fáil le haghaidh daoine óga i nGaeilge, tá easpa saothair liteartha le haghaidh déagóirí i nGaeilge. I measc na gcúiseanna atá leis seo is amhlaidh gur deacair an t-ábhar seo a dhíol i siopaí leabhar, toisc go ndíríonn léitheoirí atá ina leanaí níos sine agus ina ndaoine fásta óga ar fhicsean i mBéarla, agus toisc gur ar bhonn oideachais a bhíonn an bhéim ar shaothar Gaeilge a léamh – seachas ar bhonn pléisiúir. Chomh maith leis sin, tá bearna eolais le haghaidh tuismitheoirí agus múinteoirí i dtaobh teidil leabhar Gaeilge a mholadh do leanaí ag gach aois, bíodh agus go bhfuil dul chun cinn maith á dhéanamh ag príomheagraíochtaí acmhainní chun dul i ngleic leis seo.

Is beag fianaise atá ann go dtacaíonn oideachas foirmiúil le scríbhneoireacht chruthaitheach i nGaeilge ar shlí bhríoch, nó go dtacaíonn sé le léamh litríochta Gaeilge ar bhonn pléisiúir. Sa chomhairliúchán tríd síos, tugadh faoi deara go dteastaíonn múinteoirí den scoth chun imeacht ón gcuraclam agus scríbhneoireacht Ghaeilge nua agus léitheoireacht ar bhonn phléisiúir a thabhairt isteach.

I bhfianaise fócas Laureate reatha na nÓg, an leibhéil suime suntasach in Oideachas lán-Ghaeilge ar fud na hÉireann, agus bisiúlacht earnáil liteartha níos leithne na bpáistí agus na ndaoine óga, tá scóip shuntasach ann chun feasacht ar shaothar liteartha Gaeilge ar ardchaighdeán le haghaidh daoine óga, ó gach aoisghrúpa, a mhéadú agus glúin nua scríbhneoirí agus léitheoirí saothar liteartha Gaeilge a spreagadh.

### Beartas Gaeilge don Chomhairle Ealaíon

Dréachtaítear an beartas seo tráth a bhfuil ollbheartas agus ollstraitéis le haghaidh na Gaeilge agus na n-ealaíon á bhforbairt ag an gComhairle. Beidh an beartas agus straitéis deiridh le haghaidh Litríocht na Gaeilge in oiriúint agus i dtreoir le sprid agus gníomhaíochtaí an bheartais Gaeilge ina iomláine. Beidh comhoibriú le gach foirm ealaíne ábhartha agus le foirne cleachtais sa Chomhairle Ealaíon i gceist leis seo.

### Áit, Spás & Daoine

Dréachtaíodh an beartas seo agus an Chomhairle ag forbairt Áit, Spás & Daoine, creat beartais nua ón gComhairle Ealaíon le haghaidh cothromas sochspásúil sna healaíona. Cuirfear na gníomhartha sa straitéis i bhfeidhm i gcomhthéacs an chreata seo agus i gcomhar lena thosaíochtaí.

### Beartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht

Foilsítear an beartas seo i gcomhthéacs Bheartas um Chomhionannas, Cearta an Duine agus Éagsúlacht na Comhairle Ealaíon, agus cuirfear i bhfeidhm é i dtreoir lena phrionsabail agus lena thosaíochtaí. Tá an Chomhairle Ealaíon airdeallach go bhfuil saothar liteartha Gaeilge á fhorbairt ag glúin scríbhneoirí nua, ó chúlraí éagsúla. Tá an Chomhairle Ealaíon airdeallach freisin go bhfuil saothar á chur i láthair agus á fhoilsiú ar réimse slite difriúla chomh maith – ar líne, an focal labhartha, go dátheangach – agus cinnteoidh sí go spreagann agus go dtacaíonn a gníomhartha leis na réimsí oibre seo.



Íomha: **Sally Devereux-O'Connor ag baint sásamh as cluiche a imirt le páistí le linn Story, Rhythm and Rhyme le Deirdre Ryan i rith Fhéile Leabhar Domhanda Chorcaí i Leabharlann Chathair Chorcaí, Déardaoin, an 25 Aibreán.**
Grianghrafadóir: **Clare Keogh**

# Litríocht

## na Gaeilge A Chothú

Aguisín

# Liosta Ranníocóirí

**Liosta daoine agus eagraíochtaí a d'fhreagair cuireadh chun casadh le chéile nó a chuir freagra isteach maidir leis an dréachtstraitéis agus na beartais:**

**CLÓ IAR-CHONNACHT**
Freagra ón bhfoireann uile

**LEABHAIR PHÁISTÍ ÉIREANN**
Freagra ón bhfoireann uile

**FORAS NA GAEILGE**
Cruinniú comhairleach

**BREANDÁN MAC CRAITH**
Foras na Gaeilge

**LIAM CARSON**
IMRAM

**TRISTAN ROSENSTOCK**
Comhar & RTÉ RnaG

**MICHEÁL Ó CONGHAILE**
Cló Iar-Chonnacht

**LOUIS DE PAOR**
Stiúrthóir Acadúil an Léinn Éireannaigh, OÉ Gaillimh

**SIMON Ó FAOLÁIN**
Féile Bheag Filíochta

**DAIRENA NÍ CHINNÉIDE**

**AILBHE NÍ GHEARBHUIGH**
Coláiste na hOllscoile, Corcaigh

**CAOILFHIONN NICPHÁIDÍN**
Cois Life

**TADHG MAC DHONNAGÁIN**
Futa Fata

**ÉAMONN Ó DÓNAILL**
Gaelchultúr

**CELIA DE FRÉINE**

**MICHEÁL Ó HUANACHÁIN**

**SINÉAD MAC AODHA**
Litríocht na hÉireann

**AONTAS NA SCRÍBHNEOIRÍ**

**BOOKS IRELAND**

**PATRICK COTTER**
Ionad Litríochta an Deiscirt

**MAUREEN KENNELLY**
A bhí le hÉigse Éireann

**MICHAEL CRONIN**
Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath

**MICHEÁL Ó FEARRAIGH**
Ealaín na Gaeltachta

**RACHEL HOLSTEAD**
Ealaín na Gaeltachta

**FEARGHUS CONCHÚIR**
Leaschathaoirleach, an Chomhairle Ealaíon

**RÓISE GOAN**
An Chomhairle Ealaíon

**AOIFE GRANVILLE**
An Chomhairle Ealaíon

**Doiciméid ar breathnaíodh orthu:**

**AN STRAITÉIS 20-BLIAIN DON GHAEILGE:**
www.gov.ie/en/policy-information/2ea63-20-year-strategy-for-the-irish-language/

**ÁIT, SPÁS & DAOINE:**
www.artscouncil.ie/Arts-in-Ireland/Local,-Place-and-Public-Art/Place,-Space-_-People/#:~:text=Place%20Space%20%26%20People%20is%20the,strategy%20Making%20Great%20Art%20Work.

**BEARTAS UM CHOMHIONANNAS, CEARTA AN DUINE AGUS ÉAGSÚLACHT:**
www.artscouncil.ie/uploadedFiles/EHRD%20Policy%20English%20version%20Final.pdf

**CREATIVE SCOTLAND LITERATURE AGUS PUBLISHING SECTOR REVIEW:**
www.creativescotland.com/resources/our-publications/sector-reviews/literature-and-publishing-sector-review

**NORDIC MODEL FOR SUPPORTING ARTISTS (MERJA HEIKKINEN):**
www.taike.fi/documents/10921/1094274/Heikkinen+26+03.pdf/1a6e4305-e147-494a-9605-6e8f6a01a94c

www.irishtimes.com/news/education/pupils-being-educated-via-irish-at-primary-climbs-to-record-high-1.4662335

www.irishtimes.com/news/ireland/irish-news/positive-attitudes-towards-irish-but-citizens-shy-on-fluency-1.2309262

www.irishexaminer.com/lifestyle/healthandwellbeing/arid-40062419.html

**The Arts Council**
70 Merrion Square
Dublin 2, Ireland

**artscouncil.ie**
facebook.com/artscouncilireland
twitter.com/artscouncil_ie

T +353 1 618 0200
F +353 1 676 1302
Callsave 1850 392492

the arts council
an chomhairle ealaíon